Mo Ghile Mear

Seal da rabhas im' mhaighdean
shéimh,
'S anois im' bhaintreach chaite thréith,
Mo chéile ag treabhadh na dtonn go tréan
De bharr na gcnoc is i n-imigcéin.

Cúrfá

'Sé mo laoch, mo Ghile Mear,
'Sé mo Chaesar, Ghile Mear,
Suan ná séan ní bhfuaireas féin
Ó chuaigh i gcéin mo Ghile Mear.

Bímse buan ar buaidhirt gach ló,
Ag caoi go cruaidh 's ag tuar na ndeór
Mar scaoileadh uaim an buachaill beó
'S ná ríomhtar tuairisc uaidh, mo bhrón.

Cúrfá

Ní labhrann cuach go suairc ar nóin
Is níl guth gadhair i gcoillte cnó,
Ná maidin shamhraidh i gcleanntaibh ceoigh
Ó d'imthigh uaim an buachaill beó.

Cúrfá

Is cosúil é le hAonghus Óg.
Le Lughaidh Mac Céin na
mbeimeann mór,
le Conchobhar, cáidhmhac Náis na nós,
taoiseach aoibhinn Chraoibhe an cheoil.

Cúrfá

Marcach uasal uaibhreach óg,
Gas gan gruaim is suairce snódh,
Glac is luaimneach, luath i ngleo
Ag teascadh an tslua 's ag tuargain treon.

Cúrfá

Seinntear stair ar chlairsigh cheoil
's líontair táinte cárt ar bord
Le hinntinn ard gan chaim, gan cheó
Chun saoghal is sláinte d' fhagháil dom leómhan.

Ghile mear 'sa seal faoi chumha,
's Eire go léir faoi chlócaibh dubha;
Suan ná séan ní bhfuaireas féin
Ó luaidh i gcéin mo Ghile Mear.

Curfá